C/2026/5407

14.10.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

(C/2026/5407)

Dírítear aird María Consuelo PORRAS ARGUETA DE PORRES (Uimh. 1), Ángel Arnoldo PINEDA ÁVILA (Uimh. 2), José Rafael CURRUCHICHE CUCUL (Uimh. 3), Leonor Eugenia MORALES LAZO DE SÁNCHEZ (Uimh. 4), agus Fredy Raúl ORELLANA LETONA (Uimh. 5), ar daoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus ar bhonn fianaise nua. Cuirtear in iúl do na daoine siúd, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe nó an fhianaise a fháil, roimh **an 20 Deireadh Fómhair 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L, 2024/254, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/254/oj.
([2]) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.